



THE HEALTH
INSURANCE
AUTHORITY

An tÚdarás Árachas Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

2010

An tÚdarás Árachas Sláinte

Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.

Íosghlao: 1850 929 166

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Rphost: info@hia.ie

Láithreán Gréasáin: www.hia.ie

Is as muileann páipéir a úsáideann laíon adhmaid ó fhoraois inbhunaithe agus marthanach a tháinig an páipéir a úsáidtear sa tuarascáil seo.

Níor úsáideadh aon clóirín sa phróiseas tuartha.

Clár Ábhair

1. Ráiteas an Chathaoirligh	2	4. Gnóthaí Corparáideacha	19
2. Comhaltas and Lucht Bainistíochta an Údaráis	4	4.1 Straitéis	19
3. Feidhmeanna an Údaráis	7	4.2 Rialú Corparáideach	20
3.1 Rialúchán	8	4.3 Caidreamh le Geallsealbhóirí	21
3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh	8	4.4 Acmhainní	21
3.1.2 Cothromú Riosca	8	5. Tuarascáil agus Cuntais 2010	22
3.1.3 Cinneadh an Rialtais, mí na Bealtaine 2010	11	6. Aguisíní	38
3.1.4 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte	11	Aguisín A – Staitisticí a Bhaineann leis an Margadh Árachais Sláinte Phríobháidigh in Éirinn, 2010	38
3.2 Taighde agus Comhairle	12	Aguisín B – Éagsúlacht Éilimh de réir Aoise	40
3.2.1 Monatóireacht a dhéanamh ar an Margadh Árachais Sláinte	12	Aguisín C – Clár na nGnóthas Sochar Sláinte amhail an 31 Nollaig 2010	41
3.2.2 Comhairliúcháin maidir le Sochair Íosta agus Cothromú Riosca	14	Aguisín D – Freastal ar Chruinnithe an Údaráis, 2010	42
3.2.3 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachais Sláinte	16		
3.3 Leasanna Tomhaltóirí	16		
3.3.1 Gearáin agus Ceisteanna Tomhaltóirí	17		
3.3.2 Faisnéis Tomhaltóirí	18		

1. Ráiteas an Chathaoirligh

De réir Alt 33(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais de chuid an Údaráis Árachais Sláinte a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010.

Tá Príomhchuspóir an Údaráis leagtha amach sna hAchtanna Árachais Sláinte, príomhchuspóir a bhaineann le pobalrátú a choinneáil sa mhargadh árachais sláinte. Éilítear réimse tacaíochtaí chuige sin. Go háirithe, éilíonn margadh den sórt sin rialacha láidre lena rialaítear an rollú oscailte, an cothromú riosca agus sochar íosta. Le blianta beaga, tháinig roinnt tosca le chéile chun brú níos mó a chur ar phobalrátú. Go sainiúil, cuireadh deireadh le buntacaíocht a bhí beartaithe don phobalrátú le cinneadh ón gCúirt Uachtarach i 2008 an Scéim um Chothromú Riosca a chur i leataobh. Tharla sé seo agus an cor chun donais eacnamaíoch ag tosú, rud a bhí ina chúis, in éineacht le préimheanna níos airde, le laghdú ar an méid daoine a bhí ag lorg árachais sláinte agus a chuaigh i bhfeidhm ar inacmhainneacht an árachais sláinte.

Bhí sé riachtanach gníomhú ar an bpointe agus tugadh isteach scéim nua eatramhach um chothromú riosca i dtús na bliana 2009, a bhí bunaithe ar an gcóras cánach. Mhéadaigh an córas sin agus na bearta eile a tugadh isteach faoin Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 an tacaíocht a bhí ann don phobalrátú. I 2010, dhírigh an tÚdarás go príomha ar an tacaíocht a bhí ann don phobalráta a mhéadú, lena n-áirítear comhairle a sholáthar ar conas socrúithe fadtéarmacha a chur i bhfeidhm.

I mí Deireadh Fómhair 2010, thug an tÚdarás tuairisc don Aire Sláinte agus Leanaí ar fhorbairtí margaidh agus ar a mheasúnú agus anailís ar na tuairisceáin a bhí faighte ó árachóirí. Moladh sa tuarascáil go mba chóir an tacaíocht a tugadh don phobalrátú ag an gcóras eatramhach um chothromú riosca bunaithe ar chánachas a mhéadú de 30% do dhaoine níos sine. Cuireadh an moladh sin i bhfeidhm go cuí.

Chomh maith leis sin, rinne an tÚdarás dhá mhórchomhairliúchán i rith na bliana a bhí dírithe ar an gcreat rialála a fheabhsú san fhadtéarma. Bhain an chéad mhórchomhairliúchán le córas um chothromú riosca fadtéarmach a bhunú agus bhain an dara ceann leis na Rialacháin Sochair Íosta a nuashonrú agus a leasú ar dhóigh eile. Nuair a bhí na próisis chomhairliúcháin críochnaithe, chuir an tÚdarás dhá Thuarascáil ar na hábhair sin faoi bhráid an Aire i mí na Nollag 2010.

D'ainneoin feabhsaithe ar an gcreat rialála, níor tháinig deireadh le brúnna ar an margadh. Tháinig méadú ar líon na bpleananna ar chostas níos ísle a margáidh go díreach chuig scéimeanna corparáideacha a bhaineann riosca níos ísle leo. Ina theannta sin, margáitear scéimeanna eile go díreach chuig daoine níos óige agus teaghlaigh. Cuirtear teorainn mar chuid de roinnt pleannanna le sochair a úsáideann daoine scothaosta níos minice. Is é toradh ginearálta na bhforbairtí sin sa mhargadh ná go bhfuil níos mó daoine óige ag ceannach pleannanna atá difriúil ó na pleannanna a cheannaíonn daoine níos sine nach bhfuil chomh sláintiúil. Cuireann sé seo ar chumas árachóirí praghas difriúil a chur ar gach grúpa. Mar thoradh ar seo, íocann daoine scothaosta níos mó airgid anois, ar an meán, as a gcuid árachais sláinte. Tá sé seo ag tarlú fós i 2011 – tá méaduithe de suas le 45% tagtha ar tháirgí ag a bhfuil líon mór ball scothaosta. Is meán tábhachtach é le díriú ar na forbairtí sin ná tríd an gcóras um chothromú riosca a fheabhsú, rud a laghdódh an dreasacht atá ann d'árachóirí rátaí préimheanna difriúla a ghearradh ar ghrúpaí difriúla.

Ag féachaint do na forbairtí margaidh sin, ní haon ionadh é go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar líon na ndaoine a bhfuil dúil acu i bhfeidhm faisnéise tomhaltóirí an Údaráis – tá faisnéis ón Údarás á rochtain ag breis is 1,500 duine in aghaidh an lae trí láithreán gréasáin an Údaráis, trí bhileoga faisnéise do thomhaltóirí agus trí theagmháil a dhéanamh go díreach le foireann an Údaráis. Cuireann an fhaisnéis a sholáthraítear ar chumas tomhaltóirí na sochair agus na praghsanna a chur i gcomparáid lena chéile a bhaineann leis na pleannanna árachais sláinte go léir atá curtha ar fáil ag árachóirí, agus

ba chóir don fhaisnéis seo cabhrú le tomhaltóirí tionchar na n-arduithe praghais a mhaolú. Cuireann an tÚdarás faisnéis ar fáil freisin trí na meáin agus in éineacht leis na ráitis athnuachana a eisíonn árachóirí.

Tá tionchar fós ag an gcor chun donais eacnamaíoch ar an margadh árachais sláinte. Tháinig méadú leanúnach le blianta fada ar líon na ndaoine árachaithe, ach le dhá bhliain anuas tháinig laghdú ar mhéid an mhargaidh. I rith 2010, tháinig laghdú 32,000 ar líon iomlán na ndaoine árachaithe. Tháinig laghdú 37,000 ar líon na ndaoine árachaithe i 2009. Tháinig laghdú iomlán 3% ar an margadh thar an tréimhse dhá bhliain. Féadtar tionchar an choir chun donais eacnamaíoch a fheiceáil chomh maith sa taighde a d'fhoilsigh an tÚdarás i 2010, taighde a thaispeánann go bhfuil an inacmhainneacht i gceist níos mó anois, cé gur mhór ag tomhaltóirí an t-árachas sláinte fós. Tá sé tábhachtach do sheasmhacht mhargadh árachais sláinte shaorálaigh custaiméirí nua níos óige a mhealladh go leanúnach. Cé gur tháinig laghdú beag go dtí seo ar líon na ndaoine árachaithe, i gcomórtas le rudaí eile, tá tionchar mór ag an bhfíoras nach bhfuil an margadh ag fás a thuilleadh ar an ráta ag a bhfuil an margadh ag dul in aois. Tá baol ann freisin, ag féachaint don chor chun donais eacnamaíoch agus do bhoilsciú préimheanna, go dtiocfaidh luathú ar ráta an laghdaithe, rud a chuirfeadh strus níos mó ar an margadh.

I mí an Mhárta, tugadh cead don Rialtóir Airgeadais (Banc na hÉireann anois) iarratas a chur isteach ar riarthóirí a cheapadh le haghaidh Quinn Insurance Teo. Is é Quinn Insurance Teo, ag trádáil mar Quinn Healthcare, an dara gnóthas árachais sláinte is mó sa mhargadh, a bhfuil breis is 450,000 custaiméir árachais sláinte aige. Tá Banc Ceannais na hÉireann freagrach as maoirseacht airgeadais agus as rialú a dhéanamh ar Quinn Insurance Teo, agus shonraigh sé go leanfaidh Quinn Insurance Teoranta de pholasaithe a athnuachan, de dhul i mbun gnó nua agus d'éilimh a íoc mar is gnách di. Baineann feidhmeanna ábhartha an Údaráis le monatóireacht a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte, le comhairle a thabhairt don Aire Sláinte maidir leis an margadh agus le faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí. Sa chomhthéacs sin, fanann an tÚdarás i dteagmháil le Banc Ceannais na hÉireann agus le Quinn Insurance Teo agus déanann sé monatóireacht ar fhorbairtí d'fhonn comhairle a thabhairt don Aire mar is cuí.

Foráiltear leis an gClár don Rialtas do chóras árachais sláinte uilechoiteann a thabhairt isteach faoin mbliain 2016. Cuirfear athruithe móra i bhfeidhm maidir le rialáil an mhargadh árachais sláinte in Éirinn nuair a thabharfar an córas nua sin isteach. Tá an tÚdarás ag súil lena bheith ag obair leis an Aire agus lena Roinn agus creat rialála á dhearadh agus á chur i bhfeidhm acu le hárachas sláinte uilechoiteann a fheidhmiú.

Tá áthas orm aitheantas a thabhairt d'obair agus do dhúthracht Chomhaltaí an Údaráis i rith 2010. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt, go háirithe, don Iníon Mary Doyle, as an obair go léir a rinne sí nuair a bhí sí ina Comhalta den Údarás idir 2001 agus mí Eanáir 2011. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Iníon Máire Ní Áirne TD as a cuid tacaíochta mar Aire Sláinte agus Leanaí agus táim ag súil go mór lena bheith ag obair leis an Aire Sláinte nua, an Dr Séamus Ó Rallaigh TD. Fuair mé tacaíocht go spéir ó oifigigh na Roinne chomh maith.

Ar deireadh, cuireann an tÚdarás a bhuíochas in iúl as an obair a rinne baill foirne an Údaráis agus as an tiomantas a léirigh siad i rith 2010.



J. Joyce, Cathaoirleach

21 Meitheamh 2011

2. Comhaltas agus Lucht Bainistíochta an Údaráis

Comhaltas

Ceapann an tAire Sláinte Comhaltaí an Údaráis do théarma cúig bliana. Seo a leanas Comhaltaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2010:

An tUasal Jim Joyce (Cathaoirleach)

Rinneadh Cathaoirleach an Údaráis den Uasal Joyce an 1 Feabhra 2006. Tá an tUasal Joyce ina Chomhalta d'Institiúid Achtúirí agus de Chumann Achtúirí in Éirinn agus bhí sé mar Uachtarán an Chumann idir 1999/2000. Chaith sé a luathghairm sa Státseirbhís agus chríochnaigh sé mar Rúnaí Cúnta sa Roinn Poist agus Teileagrafa, ina dhiaidh sin bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Telecom Éireann ó 1984 go dtí 1992. Ba é a bhí ina Achtúire Comhairleach don Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus ansin d'Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ó 1992 go dtí 2005.



An tUasal Dónall Curtin

Is bunaitheoir agus Comhpháirtí Sinsearach i Byrne Cuirtin Kelly (Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe) é an tUasal Curtin. Is comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhnithe in Éirinn é. Is Stiúrthóir é ar Bhord Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath. Is Stiúrthóir é an tUasal Curtin chomh maith ar Chumann Lucht Trádála Éireann agus comhalta d'Institiúid Chairte na nEadránaithe, ag a bhfuil taithí shuntasach maidir le headráin, le hidirghabháil agus le réiteach aighnis.



An Iníon Sheelagh Malin – Ceapadh ar an Údarás í an 6 Bealtaine 2010

Tá an Iníon Malin mar Stiúrthóir Bainistíochta ar St. James's Place International cpt, ar páirt de St. James's Place é, atá mar chuid de ghrúpa bhainistíocht saibhris as an Ríocht Aontaithe. Tá breis is 20 bliain de thaithí aici i réimse na bainistíochta i dtionscal an árachais saoil, lena n-áirítear margaíocht agus forbairt táirgí, tuairisciú airgeadais, comhlíonadh agus an feidhmeannas reachtúil “achtúire ceaptha”. Is Comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn í agus ghlac sí páirt i meithleacha oibre achtúireacha faoi thuairisciú airgeadais, faoi fhorchoimeád speansais agus faoi fhaisnéis don tomhaltóir le haghaidh gnó árachais saoil trasteorann.



An tUasal Paul Turpin

Is speisialtóir rialachais é an tUasal Turpin leis an bhForas Riaracháin, a chuireann seirbhísí comhairleacha agus oiliúna ar fáil. Bhí roinnt post sinsearach aige sa bhaincúireacht agus i mbainistiú infheistíochta sular tháinig sé go dtí an Foras Riaracháin i 2006. D'oibrigh sé san earnáil phoiblí roimhe sin, lena n-áirítear mar Chomhairleoir Eacnamaíoch do Ranna Rialtais, leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus leis an gCoimisiún Eorpach.



An Iníon Mary Doyle – Tháinig deireadh lena téarma an 31 Eanáir 2011

Is Ceann um Maoirseacht Stuamachta agus Riosca le Cónaidhm Baincúireachta na hÉireann í an Iníon Doyle. Is Eacnamaí í ag a bhfuil taithí fhorleathan ar ghnó agus ar bhaincúireacht na hÉireann, a dhíríonn ar anailís straitéiseach eacnamaíoch agus ar fhorbairtí i rialachán baincúireachta. D'fheidhmigh an Iníon Doyle mar Shainchomhairleoir Eacnamaíoch don Bhanc Domhanda agus tá taighde déanta aici i réimsí na hoiliúna, na turasóireachta agus bheartas réigiúnach an AE. Bhí sí mar chomhalta i ngrúpaí comhairleacha áirithe ar fud an tionscail, lena n-áirítear Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus Cónaidhm Baincúireachta na hÉireann.



Lucht Bainistíochta

Seo a leanas Lucht Bainistíochta an Údaráis:

An tUasal Liam Sloyan

Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir



An tUasal Eamonn Horgan

Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha/Rúnaí don Údarás



An tUasal Brendan Lynch

Ceann Taighde/Seirbhísí Teicniúla



An tUasal Micheal O'Briain

Ceann Gnóthaí Rialála



Tá oifigí an Údaráis Árachas Sláinte lonnaithe ag:
Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.
Íosghlao: 1850 929 166
Teil: (01) 406 0080
Facs: (01) 406 0081
Rphost: info@hia.ie
Láithreán Gréasáin: www.hia.ie



3. Feidhmeanna an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás an 1 Feabhra 2001 faoi Ordú na nAirí faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha an Achta seo agus na nAchtanna Árachais Sláinte (Leasú) (“Achtanna Árachais Sláinte” i dteannta a chéile).

Foráiltear leis an reachtaíocht seo feidhmiú agus rialú gnó árachas sláinte príobháideach in Éirinn, a chuireann reachtaíocht i bhfeidhm do na prionsabail d’árachas sláinte príobháideach, eadhon, pobalráit, rollú oscailte, cumhdach ar feadh an tsaoil agus sochar íosta.

Seo a leanas príomhfeidhmeanna an Údaráis mar a fhoráiltear sna hAchtanna Árachais Sláinte:

- monatóireacht a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte agus comhairle a thabhairt don Aire (ar iarratas ón Aire nó as a stuaim féin) ar ábhair a bhaineann le hárachas sláinte;
- monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na nAchtanna Árachais Sláinte agus, más cuí, fógraí forfheidhmithe a eisiúint chun comhlíonadh na nAchtanna a fhorfheidhmiú;
- feidhmeanna ar leith a dhéanamh maidir le hárachas sláinte, le dleacht stampála árachais sláinte agus le creidmheasanna cánach aoisbhunaithe agus maidir le haon scéim um chothromú riosca a d’fhéadfadh teacht isteach as seo amach;
- cibé beart is cuí leis a dhéanamh le cur le feasacht an phobail maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- cothabháil a dhéanamh ar “Clár na nGnóthas Sochar Sláinte” agus ar “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte”.

Feidhmeoidh an tÚdarás cibé cumhachtaí a bheidh riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Féadfaidh an tAire Sláinte tuilleadh freagrachtaí a shannadh don Údarás mar a fhoráiltear sna hAchtanna.

3.1 Rialúchán

3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh

Tá córas rialála árachas sláinte príobháideach na hÉireann bunaithe ar phrionsabail lárnacha lena mbaineann pobalráit, rollú oscailte, cumhdach ar feadh an tsaoil agus sochar íosta agus é mar aidhm a chinntiú nach gcosnaíonn árachas sláinte príobháideach níos mó dóibh sin a bhfuil an gá is mó acu leis. Níl maoiniú á fháil ag an gcóras, ciallaíonn sin nach bhfuil ciste bailithe le linn saol an duine árachaithe chun costas measta na n-éileamh aige nó aici a chumhdach. Ina áit sin, comhthiomsaíonn gach árachóir an t-airgead a thugann gach duine árachaithe agus glactar costas na n-éileamh i mbliain ar leith ón gciste.

Ní mór go dtuigfead an coincheap pobalráitithe sa chomhthéacs sin. Ciallaíonn sin nach dtéann an leibhéal riosca a ghabhann le tomhaltóir ar leith ó thaobh an árachóra i bhfeidhm ar an bpréimh a íoctar. I bhfocail eile, gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine do phlean áirithe, beag beann ar aois, inscne, an riocht sláinte a mbaineann leo faoi láthair agus an riocht sláinte ar dóigh a mbainfidh leo amach anseo, faoi réir eisceachtaí maidir le leanaí faoi 18 mbliana d'aois, mic léinn faoi 23 bliain d'aois in oideachas lánaimseartha, baill de ghrúpscéimeanna agus pinsinéirí atá ina mbaill de ghnóthais ballraíochta shrianta.

Ciallaíonn rollú oscailte agus cumhdach ar feadh an tsaoil, seachas i gcúinsí an-teoranta a shonraítear sa reachtaíocht, nach mór d'árachóirí sláinte glacadh le gach iarratasóir ar árachas sláinte agus ráthaítear go mbeidh an ceart ag gach tomhaltóir a pholasáí a athnuachan gan aird ar a aois nó stádas sláinte.

Faoi na Rialacháin Sochair Íosta, caithfidh gach táirge sláinte, lena gcuirtear cumhdach ar fáil do chóireáil ospidéil othar cónaitheach, leibhéal íosta áirithe sochar a sholáthar. Glactar leis go bhfuil sé riachtanach go ndéanfar an t-íosleibhéal sochar a rialú mar gheall ar shainchineál casta na dtáirgí árachais sláinte phríobháidigh, lena bhféadfaí, mura ndéantar rialú orthu, táirgí nach bhfuil leibhéal cumhdaigh sách cuimsitheach á soláthar acu a chur ar fáil do thomhaltóirí.

Leagtar amach sna hAchtanna Árachais Sláinte príomhchuspóir an Aire agus an Údaráis faoin reachtaíocht. Baineann an príomhchuspóir go díreach le coincheap an phobalráitithe agus áirítear ann *“lena chinntiú, ar mhaithe le leas an phobail, go bhfuil rochtain ag tomhaltóirí ar chumhdach árachais sláinte gan idirdhealú déanta eatarthu (cibé an mbeidh sé curtha i bhfeidhm ag cáin ioncaim nó ag bearta dleachta stampála nó bearta eile, nó meascán díobh), go háirithe maidir le costais na seirbhísí sláinte, bunaithe go hiomlán nó i bpáirt ar réimse aoise agus stádas sláinte ginearálta faoi seach na mball d'aon ghlúin ar leith (nó cuid di)...”* (Aistriúchán Neamhoifigiúil)

3.1.2 Cothromú Riosca

Is próiseas é an cothromú riosca a bhfuil sé mar aidhm aige díriú ar na difríochtaí i gcostais éilimh na n-árachóirí a eascraíonn as difríochtaí i stádas sláinte a mball. Baineann cothromú riosca le híocaíochtaí le hárachóirí nó íocaíochtaí ag árachóirí a bhaineann le próifíl riosca na ballraíochta acu. Is gnáthmheicníocht é an cothromú riosca i dtíortha ina bhfuil córais árachas sláinte pobalráitithe agus foráiltear tabhairt isteach na Scéime um Chothromú Riosca in Éirinn sna hAchtanna Árachais Sláinte.

Thug an tAire Sláinte agus Leanaí Scéim um Chothromú Riosca isteach faoi na hAchtanna Árachais Sláinte i 2003. Faoin Scéim, d'fhéadfaí tús a chur le híocaíochtaí sa chás go molfadh an tÚdarás go gcuirfí tús leo agus sa chás sin amháin, agus ghlac an tAire le moladh an Údaráis. Bheartaigh an tAire, ar mholadh an Údaráis, tús a chur le cothromú riosca faoin reachtaíocht a bhí i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2006, ach cuireadh an reachtaíocht ábhartha ar ceal sna Cúirteanna i 2008.

Tar éis an Scéim um Chothromú Riosca 2003 a chur ar neamhní i 2008, d'fhógair an Rialtas ag an am go raibh sé i gceist aige scéim nua um chothromú riosca a thabhairt isteach a bheadh “láidir, follasach agus éifeachtach”. D'aithin an Rialtas go dtógfadh sé go leor ama córas den sórt sin a fhorbairt agus tugadh isteach córas eatramhach san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

Córas Eatramhach um Chothromú Riosca Bunaithe ar Chánachas

Tugadh isteach córas eatramhach um chothromú riosca bunaithe ar chánachas faoin Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Foráiltear leis an Acht go bhfaighidh Árachóirí Ballraíochta Oscailte préimheanna níos airde le daoine scothaosta a árachú, ach go bhfaighidh daoine scothaosta creidmheasanna cánach atá cothrom le suim na préimhe breise, ionas go leanfaidh gach duine den tsuim chéanna a íoc ar an árachas sláinte. Ar an gcaoi sin, íocann daoine fásta ag a bhfuil an leibhéal cumhdaigh seo an glanmhéid céanna, ach faigheann árachóirí préimheanna níos airde le daoine scothaosta a árachú mar chúiteamh i bpáirt sa leibhéal éileamh níos airde. B'ionann na creidmheasanna cánach don bhliain polasaí a thosaigh i 2010 agus €200 do dhaoine idir 50 agus 59 bliain d'aois; €525 do dhaoine idir 60 agus 69 bliain d'aois; €975 do dhaoine idir 70 agus 79 bliain d'aois agus €1,250 do dhaoine atá os cionn 80 bliain d'aois.

Chun an córas a mhaoiniú, íocann árachóirí tobhach pobalráitithe i leith na ndaoine go léir a chumhdaíonn siad. €185 do dhaoine fásta agus €55 do leanaí a bhí i gceist leis an tobhach sin i 2010.

Riarann na gnóthais árachais sláinte an tobhach um pobalrátú agus na creidmheasanna cánach, ar nós an fhaoisimh chánach ag an bhfoinse de 20% den phréimh atá ann cheana.

Foráiltear leis an reachtaíocht go mbeidh na bearta eatramhacha i bhfeidhm le haghaidh trí bliana (.i. baineann an reachtaíocht le polasaithe ag tosú i 2009, 2010 agus 2011). I mí na Bealtaine 2010, luaigh an tAire Sláinte agus Leanaí go bhfuil sé beartaithe go mbeidh córas láidir um chothromú riosca i bhfeidhm ó 2013 agus go mbeidh córas idirthréimhse i bhfeidhm ó dheireadh na mbeart eatramhach go dtí tús an chórais láidir.

Suímeanna na gCreidmheasanna Cánach Aoisbhunaithe agus an Tobhaigh Pobalráitithe a Mheas

Leagtar amach san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 conas a chinntear na creidmheasanna cánach aoisbhunaithe, mar seo a leanas:

- Déanann an tÚdarás éilimh, an daonra agus sonraí eile a mheas agus a anailísiú a thagann sna tuairisceáin ó árachóirí gach 6 mhí.
- Uair sa bhliain (san fhómhar), má iarrann an tAire é sin a dhéanamh, eisiúnn an tÚdarás tuarascáil don Aire ar a mheastóireacht agus anailís ar na tuairisceáin sin. Áirítear sa Tuarascáil sin moltaí ar shuímeanna na gcreidmheasanna cánach aoisbhunaithe agus suim an tobhaigh pobalráitithe. Tugtar aird sna moltaí ar an bpríomhchuspóir agus ar an gcuspóir maidir le róchúiteamh a sheachaint.

- Féadfaidh an tAire – ag féachaint do Thuarascáil an Údaráis, don phríomhchuspóir agus d’iomaíocht – moltaí a thabhairt don Aire Airgeadais ar shuimeanna na gcreidmheasanna cánach aoisbhunaithe agus suim an tobhaigh pobalráitithe. Tiocfaidh na suimeanna sin i bhfeidhm sa dlí má cheadaíonn an tOireachtas iad.

I rith 2010, fuair an tÚdarás tuairisceáin faisnéise don dara leath de 2009 agus don chéad leath de 2010 ó gach árachóir ballraíochta oscailte. Cuireadh tuarascáil ar mheastóireacht agus anailís na dtuairisceán sin, ina raibh moladh an Údaráis ar shuimeanna na gcreidmheasanna cánach aoisbhunaithe agus suim an tobhaigh pobalráitithe, faoi bhráid an Aire i mí Dheireadh Fómhair 2010. I mí na Nollag 2010, d’fhógair an tAire gur cinneadh go mbeadh na suimeanna de chreidmheasanna cánach aoisbhunaithe do pholasaithe ag tosú tar éis an 1 Eanáir 2011 mar seo a leanas:

Banda Aoise	Creidmheas Cánach
50-59	€Nialas
60-69	€625
70-79	€1,275
Os cionn 80	€1,725

Is é €205 do dhaoine fásta agus €66 do leanaí an tobhach pobalráitithe do pholasaithe ag tosú i 2011.

Measúnú ar Róchúiteamh

Chomh maith leis sin, éilítear ar an Údarás a mheas cibé an ndéanann na bearta eatramhacha aon árachóir a róchúiteamh.

- Uair sa bhliain, roimh an 1 Aibreán, cuireann árachóirí cuntais sochair agus dochair agus cláir chomhardaithe ar fáil don Údarás sa mhéid is go mbaineann siad le gnó a chlúdaíonn tuairisceáin faisnéise;
- Measann an tÚdarás an bhfuil róchúiteamh déanta ar aon árachóir ag na bearta eatramhacha, a chuireann ar a gcumas brabús sa bhreis ar bhrabús réasúnta a shaothrú. Má tá an tÚdarás sásta glacadh leis an dearcadh go ndearnadh róchúiteamh ar árachóir, eiseoidh an tÚdarás dréacht-tuarascáil don árachóir. Cuirfidh an tÚdarás aon aighneacht a gheofar ón árachóir sin san áireamh sula ndéanfar cinneadh cibé ar tharla róchúiteamh; agus
- Má chinneann an tÚdarás gur tharla róchúiteamh eiseoidh sé tuarascáil ina luafar an tsuim róchúitimh don Aire agus don árachóir lena mbaineann. Ní mór don árachóir an tsuim róchúitimh a aisíoc ansin leis an Stáitchiste.

Rinneadh an chéad mheasúnú den sórt sin i 2010 maidir leis an mbliain féilire 2009. Chinn an tÚdarás gurb ionann an brabús réasúnta sa mhargadh árachais sláinte príobháidigh in Éirinn i 2009 agus toradh ar chaipiteal 8.1%. Ba é an t-aon ghealltanas ná go mbeadh Vhi Healthcare ina ghlantairbhí i 2009. Chinn an tÚdarás nach bhfuair Vhi Healthcare róchúiteamh i 2009.

3.1.3 Cinneadh ón Rialtas, Bealtaine 2010

An 27 Bealtaine 2010, d'fhógair an Rialtas ag an am sraith gníomhaíochtaí don mhargadh árachais sláinte. Seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí a raibh tionchar acu ar obair an Údaráis i 2010:

- “Scéim nua láidir um chothromú riosca a chur i bhfeidhm chun tacú le beartas lárnach an phobalráitithe. Eiseoidh an tÚdarás Árachas Sláinte doiciméad comhairliúcháin agus cuirfear ar fáil don mhargadh é i dtuairim is roinnt seachtainí. Is é an cuspóir ná reachtaíocht a fhoilsiú i 2011 agus í a achtú agus a chur i bhfeidhm faoi thús na bliana 2013.
- Leanúint ar aghaidh leis an gcóras faoisimh cánach eatramhach/tobhaigh atá ann faoi láthair, agus le socrú idirthréimhseach ó 2012 ar aghaidh a bheidh chomh cosúil agus is féidir le scéim iomlán um chothromú riosca. Tabharfaidh an tÚdarás Árachais Sláinte faisnéis ar leibhéal an fhaoisimh chánach/tobhaigh do 2011 faoin gcóras eatramhach atá ann faoi láthair.
- Sraith nua rialachán sochar íosta a ullmhú don árachas sláinte, le cúram príomhúil agus seirbhísí eile a chur ar fáil mar chuid de na sochair ar gá d'árachóirí a thairiscint.
- Poblárátú ar feadh an tsaol a chur i bhfeidhm, le spreagadh a thabhairt do dhaoine glacadh le hárachas sláinte nuair a bhíonn siad níos óige, seachas níos déanaí ina gcuid saolta.”

I measc na ngníomhaíochtaí eile a d'fhógair an Rialtas bhí réimse gníomhaíochtaí a bhain le rialú stuamachta, le caipitliú agus le húinéireacht Vhi Healthcare.

Tar éis an Chinnidh seo, d'iarr an tAire ar an Údarás dul i gcomhairle i dtaobh córais nua láidir um chothromú riosca agus i dtaobh athbhreithnithe ar na Rialacháin Sochair Íosta. Déantar na comhairliúcháin sin a phlé in Alt 3.2.2

Chomh maith leis sin, thug an tÚdarás comhairle don Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le Rialacháin um Poblárátú ar Feadh an tSaol.

3.1.4 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as cothabháil a dhéanamh ar “Clár na nGnóthas Sochar Sláinte” (“an Clár”). Foráiltear le hAlt 14 de na hAchtanna Árachais Sláinte nach mór d'aon árachóir sláinte a bhfuil gnó árachais sláinte á sheoladh aige nó aici in Éirinn clárú leis an Údarás agus teastas a fháil uaidh.

Éileofar iarratas ar chlárú athnuachana ar bhonn bliantúil. Eisítear teastas chuig an árachóir sláinte nuair a chláraítear, lena ndeimhnítear go bhféadfaidh an t-árachóir árachas sláinte príobháideach a thairiscint de réir téarmaí a rialacha agus laistigh den reachtaíocht ábhartha.

Tá dhá chineál gnóthas árachais sláinte in Éirinn. Is árachóirí sláinte iad na Gnóthais Ballraíochta Oscailte ar gá dóibh glacadh le gach custaiméir a dteastaíonn uathu árachas sláinte príobháideach a fháil (faoi réir srianta teoranta áirithe mar a shonraítear sa reachtaíocht). Is scéimeanna gairme iad Gnóthais Ballraíochta Shrianta go príomha, ní bhíonn de bhaill iontu ach fostaithe eagraíochtaí ar leith. Foráiltear leis an Acht 2009 nach féidir Gnóthais Ballraíochta Shrianta nua a bhunú.

Liostaítear na gnóthais ar “Clár na nGnóthas Sochar Sláinte” an 31 Nollaig 2010 in Aguisín C.

Ciste Ospidéil an tSathairn

Nuair a achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte 1994, ceadaíodh díolúine pháirteach ó fhorálacha ar leith den Acht do Chiste Ospidéil an tSathairn agus do Chumann Coigiltis an Ospidéil. Dhíol gach ceann de na heagraíochtaí sin táirgí ina raibh íocaíocht airgid a bhí nasctha le fad an tseala san ospidéal curtha ar fáil i dteannta cumhdaigh do sheirbhísí sláinte othar seachtrach. Faoi théarmaí na díolúine páirtí, measadh nach táirgí do chonarthaí árachais sláinte a bhí iontu agus níor éilíodh ar an dá eagraíocht clárú leis an Údarás Árachais Sláinte. Cheannaigh Ciste Ospidéil an tSathairn gnó Éireannach Chumann Coigiltis an Ospidéil i 2008.

Foráladh leis an Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú), 2008 do bhaint na díolúine páirtí. Chinn an tAire an díolúine pháirteach a bhaint amach ina dhiaidh sin an 31 Márta 2010. Mar thoradh ar sin, chun leanúint ar aghaidh le gnó árachais sláinte in Éirinn, ón 1 Aibreáin 2010, éilítear ar Chiste Ospidéil an tSathairn clárú leis an Údarás Árachais Sláinte agus cloí le gach riachtanas gaolmhar sna hAchtanna Árachais Sláinte. I 2009 agus go luath i 2010 d'oibrigh an tÚdarás le Ciste Ospidéil an tSathairn maidir lena iarratas um chlárú agus a ullmhúcháin um riachtanais maidir le gnóthais chlárúithe a chomhlíonadh. Cuireadh Ciste Ospidéil an tSathairn le Clár na nGnóthas Sochar Sláinte an 1 Aibreán 2010.

3.2 Taighde agus Comhairle

3.2.1 Monatóireacht ar an Margadh Árachais Sláinte

Méid agus Struchtúr an Mhargaidh

Is é an margadh árachais sláinte an margadh árachais neamhshaoil is mó in Éirinn. I 2009, €1.85bn ab ea an t-ioncam préimhe sa mhargadh árachais sláinte, i gcomparáid le hioncam préimhe €1.3bn sa mhótarárachas, an dara margadh árachais neamhshaoil is mó. I 2010, €1.95bn ab ea an t-ioncam préimhe sa mhargadh árachais sláinte.

Mar atá le feiceáil in Aguisín A, tháinig fás leanúnach ar mhargadh an árachais sláinte ar feadh na blianta fada go dtí gur baineadh amach beagnach 2.30m duine (51.7% den daonra) i ndeireadh 2008. Tháinig laghdú ar mhéid an mhargaidh sa dá bhliain ina dhiaidh sin agus i ndeireadh 2010 bhí árachas sláinte ag beagnach 2.23m duine (49.8% den daonra). Cé nach bhfuil ach laghdú beag ar líon na ndaoine árachaithe i gceist (3% thar thréimhse dhá bhliain) i gcomórtas le rudaí eile, is suntasach gur stop an margadh ag fás agus gur tháinig laghdú air. Mar thoradh ar seo, tá an ráta ag méadú ag a bhfuil an margadh ag dul in aois. I 2010, tháinig laghdú de bhreis is 37,000 ar líon na ndaoine árachaithe faoi 30 bliain d'aois. D'fhéadfadh tionchar díréireach a bheith ag an meathlú eacnamaíoch agus ag an laghdú ar fhostaíocht le dhá bhliain anuas ar dhaoine níos óige maidir lena n-éileamh ar árachas sláinte. Is dócha go bhfuil seans níos mó ann anois go ligfidís dá bpolasaithe dul i léig nó go n-aistroidís chuig táirge nó soláthróir ar chostas níos ísle.

I margadh pobalráitithe shaorálach atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht idirghlúine, tá sé tábhachtach baill reatha bhrabúsacha a choinneáil agus baill níos óige a mhealladh isteach chun seasmhacht an mhargaidh a chinntiú. Is rogha amháin í, i margadh saorálach, spreagadh a thabhairt do dhaoine níos óige árachas sláinte a cheannach trí chóras lódálacha préimheanna

a chur i bhfeidhm dóibh siúd a bhíonn níos sine nuair a fhaigheann siad árachas sláinte den chéad uair (.i. Pobalráit Saoil). I margadh árachais sláinte uilechoiteann, ní gá lena leithéid de chóras mar éilítear ar gach uile dhuine árachas sláinte a bheith aige nó aici, beag beann ar cén aois atá air nó uirthi.

Chaill Vhi Healthcare sciar den mhargadh gach bliain ónar tháinig deireadh lena monaplacht in Eanáir 1997. I ndeireadh 2010, bhí 62% den mhargadh ag Vhi Healthcare, 21% den mhargadh ag Quinn Healthcare agus 14% den mhargadh ag Aviva Health had 14%. Bhí an chuid eile den mhargadh ag gnóthais ballraíochta shrianta. Chaill Vhi Healthcare daoine in aoischohóirt níos óige den chuid is mó. Faoi dheireadh 2010, bhí 56% den aoisghrúpa 30-39, ach 93% de dhaoine os cionn 80 bliain, ag Vhi Healthcare.

Riaradh Quinn Insurance Teo

An 30 Márta, tugadh cead don Rialtóir Airgeadais (Banc Ceannais na hÉireann anois) iarratas a chur isteach ar riarthóirí a cheapadh le haghaidh Quinn Insurance Teo. De réir na mionnscríbhinne, chuir an Rialtóir Airgeadais an t-iarratas isteach “a d’eascair as chúraimí tromáí ag an Rialtóir Airgeadais i leith staid airgeadais an árachóra, an bealach ina ndearnadh an t-árachóir a bhainistiú agus ina ndéantar é a bhainistiú fós agus a éagumas cloí le Rialacháin Maoirseachta ar bhealach ábharthach, eadhon an oibleagáid corrlach sócmhainneachta a choinneáil.” Is é ról na riarthóirí faoi na hAchtanna Árachais “gnó an árachóra a choinneáil ar siúl mar ghnóthas leantach chun é a chur ar bhonn láidir tráchtála agus airgeadais.”

Tá gnó árachais sláinte á riar ag Quinn Insurance Teo., ag trádáil mar Quinn Healthcare, agus áirítear í i gClár na nGnóthas Sochar Sláinte atá a choinneáil ag an Údarás Árachais Sláinte. Cé go bhfuil Banc Ceannais na hÉireann freagrach as maoirseacht agus rialú airgeadais a dhéanamh ar Quinn Insurance Teo, éilítear ar an Údarás monatóireacht a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte, comhairle a thabhairt don Aire Sláinte maidir leis an margadh agus faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí.

Nuair a bhí an obair sin go léir críochnaithe ag an Údarás, chuaigh sé i dteagmháil le Banc Ceannais na hÉireann agus le Riarthóirí Quinn Insurance Teo. Shonraigh Banc Ceannais na hÉireann go bhféadfadh daoine in Éirinn a bhfuil polasaí acu le Quinn Insurance Teoranta leanúint dá bpolasaithe a athnuachan, dul i mbun gnó nua agus éilimh a dhéanamh mar is gnách dóibh.

Chun an tÚdarás a éascú agus a chuid feidhmeanna á ndéanamh aige maidir le monatóireacht ar an margadh agus comhairle a sholáthar don Aire, d’aontaigh Riarthóirí Quinn Insurance Teo faisnéis a sholáthar don Údarás maidir lena gnó árachais sláinte, i dteannta na faisnéise a chuirtear san áireamh i dtuairisceáin reachtúla.

Tá an tÚdarás i dteagmháil le Banc Ceannais na hÉireann agus leis an gcuideachta agus tá monatóireacht á déanamh aige fós ar fhorbairtí.

Forbairtí Táirge agus Praghsála

Tháinig méadú mór ar líon na dtáirgí árachais sláinte agus na n-éagsúlachtaí táirge a bhí le fáil sa mhargadh i 2010. Bhí 217 éagsúlacht táirge ar an iomlán ar an margadh i ndeireadh 2010, i gcomparáid le 182 i ndeireadh 2009.

Forbairt thábhachtach táirge a bhí ann i 2010 nuair a tháinig méadú ar líon na dtáirgí a sholáthraíonn leibhéal sochair níos ísle do ghnáthaimh ortaipéideacha agus oftalmacha in ospidéal phríobháideacha. Tá praghsanna na bpleananna sin i bhfad níos ísle ná na praghsanna atá ar phleananna inchomparáide a sholáthraíonn cumhdach iomlán do chóir leighis ortaipéideach agus oftalmach in ospidéal phríobháideacha.

Maidir le praghsáil, tháinig meadaithe suntasacha i 2010 ar phraghsanna na dtáirgí árachais sláinte. Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh innéacs praghsanna don árachas sláinte. Tháinig méadú 9.1% ar phraghsanna ar an meán ó 2009 go dtí 2010. Níor tháinig an méadú céanna ar phraghsanna na dtáirgí go léir agus, mar sin, beidh an chuid is mó de chustaiméirí ábalta luach níos fearr a bhaint amach. Cabhraíonn an tÚdarás le custaiméirí trí fhaisnéis a sholáthar ar an láithreán gréasáin aige, ar an teileafón agus tríd an bpost maidir le roghanna árachais sláinte níos saoire. I bhformhór na gcásanna, is féidir leis an Údarás cabhrú le custaiméirí cuid mhór airgid a choigilt ar a gcostais árachais sláinte.

Deighilt an Mhargaidh

Díríonn forbairtí táirge fós ar chumhdach a sholáthar a mheallann custaiméirí níos óige agus níos sláintiúla, cumhdach nach bhfuil chomh tarraingteach sin do chustaiméirí níos sine nach bhfuil chomh sláintiúil. Cé go gciallaíonn rollú oscailte gur féidir le duine ar bith táirge ar bith a cheannach, tharla deighilt fhorleathan táirge sa mhargadh mar gheall ar na straitéisí margaíochta and táirge ar nglacadh leo. Bhí sé seo le feiceáil in iompar na n-árachóirí – thug siad go léir réimse pleananna corparáideacha isteach ar phraghsanna níos iomaí a bhí dírithe ar dheighleoga áirithe den mhargadh.

Reáchtáil árachóirí tairiscintí speisialta/feachtais mhargaíochta a dhíríonn ar dheighleoga roghnaithe den mhargadh. Is éard a bhí i gceist leo siúd ná táirgí a bhí dírithe ar ghrúpscéimeanna a bhain téarmaí níos fearr leo agus sochair a bhí dírithe ar chustaiméirí níos óige. Go minic, ní bhíonn sé éasca na sonraí iomlána agus praghsanna na bpleananna lena mbaineann luach níos fearr a aimsiú ar láithreáin ghréasáin na n-árachóirí. Díoltar na pleananna seo go díreach le grúpscéimeanna corparáideacha lena mbaineann rioscaí níos ísle.

Is í glaniarmhairt na dheighilte riosca, idir agus laistigh d'árachóirí, go bhfuil daoine níos sine agus daoine nach bhfuil chomh sláintiúil, ar an meán, ag íoc níos mó ar chumhdach árachais sláinte ná custaiméirí níos óige agus níos sláintiúla.

3.2.2 Comhairliúcháin maidir le Sochair Íosta agus Cothromú Riosca

Ar iarratas ón Aire, reáchtáil an tÚdarás dhá chomhairliúchán poiblí i rith 2010 maidir le Sochair Íosta agus Cothromú Riosca. Don dá chomhairliúchán, d'fhoilsigh an tÚdarás páipéir chomhairliúcháin i mí an Mheithimh agus scaip se iad.

Comhairliúchán maidir le Sochair Íosta

Ní dhearnadh aon leasú substainteach ar na Rialacháin Sochair Íosta ó tugadh isteach iad i 1996. San idirlinn, tháinig athrú suntasach ar an gcúram sláinte agus ar an mbeartas cúram sláinte in Éirinn (mar shampla, straitéis cúraim phríomhúil) agus tháinig méadú mór ar chostais cúraim sláinte.

I mí Iúil, d'fhoilsigh an tÚdarás Páipéar Comhairliúcháin ar na Rialacháin Sochair Íosta. Díríodh ar na saincheisteanna seo a leanas sa Pháipéar:

- Na Rialacháin a nuashonrú agus b'fhéidir iad a shimpliú;
- Cumhdach don chúram príomhiúil agus cíoradh a dhéanamh ar straitéis cúraim phríomhiúil;
- Bainistiú galar ainsealach;
- Soláthar cúraim phríobháidigh in ospidéal phoiblí a athrú; agus
- Cúrsaí beartais eacnamaíoch ginearálta.

Bhuail an tÚdarás agus a fhoireann le geallsealbhóirí chun na saincheisteanna a phlé sular tugadh an Tuarascáil don Aire chun críche. Chuir an tÚdarás a Thuarascáil faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí i Nollaig 2010.

Comhairliúchán maidir le Cothromú Riosca

Mar chuid de chinneadh an Rialtais i mBealtaine 2010, iarradh ar an Údarás dul i gcomhairle maidir le beartas nua láidir um chothromú riosca chun tacú le beartas lárnach an phobalráitithe sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh.

Tugadh cur síos sa Pháipéar Comhairliúcháin ar chórais um chothromú riosca i roinnt dlínsí eile agus rinneadh cíoradh ar thrí chatagóir cineálacha de thosca riosca a d'fhéadfadh a bheith ann i gcóras um chothromú riosca:

- Buntosca riosca, toska lena mbaineann modh aicmithe oibiachtúil nach féidir leis an árachóir a rialú ná ciall a bhaint as go héifeachtach nó é sin a dhéanamh i mbealach theoranta, modh atá ceaptha chun a bheith curtha i gcomhchoibhneas le costas éileamh dhuine aonair. D'fhéadfadh aois, inscne, stádas míchumais, seoladh, stádas gairme, gairm, tacaíocht leasa, mortláíocht, bheith ag maireachtáil i d'aonar nó máithreachas a bheith i gceist anseo;
- Tosca a bhaineann le diagnóis, .i. toska a bhaineann le riochtaí míochaine atá teistithe de réir míochaine nó a bhfuil imscrúdú á dhéanamh orthu i gcás duine árachaithe, toska a d'fhéadfadh a bheith ceaptha chun a bheith curtha i gcomhchoibhneas le costas éileamh dhuine aonair. D'fhéadfadh riochtaí áirithe nó grúpaí riochtaí a bheith i gceist anseo; agus
- Úsáid acmhainní, .i. toska a bhaineann go díreach le taithí éilimh na n-árachóirí. D'fhéadfadh caiteachas tabhaithe nó úsáid leapacha ospidéal a bheith i gceist anseo.

Bhí na saincheisteanna seo a leanas i measc na saincheisteanna a pléadh sa pháipéar comhairliúcháin,

- Conas a ndéanfaí na toska riosca a úsáidtear a chothromú agus méid an chothromaithe sin;
- Leibhéal na sochar árachais a chuirfear san áireamh sa chóras; agus
- Struchtúr an chórais idirthréimhseach um chothromú riosca a chuirfear i bhfeidhm i 2012.

Bhuail an tÚdarás agus a fhoireann le geallsealbhóirí chun na saincheisteanna a phlé sular tugadh an Tuarascáil don Aire chun críche. Chuir an tÚdarás a Thuarascáil faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí i Nollaig 2010.

3.2.3 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachais Sláinte

I mí na Bealtaine 2010, chuir an tÚdarás staidéar taighde ar an margadh árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn faoi bhráid an Aire agus d'fhoilsigh an tÚdarás an staidéar ina dhiaidh sin. Thug Red C Research and Marketing Teo. faoin staidéar agus ba é seo an ceathrú tionscadal taighde den sórt sin a rinne an tÚdarás ó bunaíodh é i 2001. Cuireann an tsraith de thuarascálacha taighde faisnéis luachmhar ar fáil ar mhargadh an árachais sláinte, lena n-áirítear treochtaí le himeacht ama sa mhargadh.

Áiríodh ar an obair taighde suirbhé náisiúnta duine-ar-dhuine inar ghlac 1,000 duine fásta páirt agus suirbhé ar 300 gnóthas a rinneadh go príomha i ndeireadh 2009.

Ba iad seo a leanas príomhthorthaí an taighde:

- Mar a bhíodhas ag súil leis, bhí tionchar ag an meathlú ar an éileamh ar árachas sláinte, cé nach bhfuil ach laghdú beag tagtha go dtí seo ar an gcuid sin den daonra ag a bhfuil árachas sláinte;
- Is iad na príomhfháthanna a thug iarthomhaltóirí gan árachas sláinte a bheith acu ná costas (44%) agus cailteanas post (19%);
- Tháinig laghdú ó 87% sa suirbhé 2007/2008 go 73% (22% nach bhfuil a fhios acu) ar líon na ndaoine a bhfuil sé i gceist acu a leibhéal cumhdaigh a uasghrádú nó a choinneáil sna 12 mhí amach romhainn;
- Deir 16% de fhreagróirí gur mhalartaigh siad soláthróir árachais (i gcomparáid le 10% i 2007/2008);
- Tá meas mór ag tomhaltóirí ar a gcumhdach árachais sláinte agus léiríodh leibhéal ard sásaimh i measc na dtomhaltóirí maidir le hárachas sláinte; agus
- Leanann árachas sláinte príobháideach mar an dara sochar fostaíochta is mó luach i ndiaidh pinsin.

3.3 Leasanna Tomhaltóirí

Tá sé mar fheidhm ag an Údarás mar a fhoráiltear sna hAchtanna Árachais Sláinte “cibé beart is cuí leis a dhéanamh le cur le feacht an phobail maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh.” Laistigh de na téarmaí tagartha sin, tá sé mar aidhm ag an Údarás cur le feacht na dtomhaltóirí maidir lena gcearta agus cabhrú leo tuiscint a fháil ar tháirgí árachais sláinte. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar sholáthar faisnéise na n-árachóirí do thomhaltóirí agus ar chomhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte.

3.3.1 Gearáin agus Ceisteanna Tomhaltóirí

Cabhraíonn an tÚdarás le tomhaltóirí trí cheisteanna a fhreagairt a bhaineann le hárachas sláinte agus trí chabhair a thabhairt dóibh díospóidí le hárachóirí a réiteach. I 2010, tháinig méadú faoi dhó ar a laghad, go dtí breis is 2,250, ar líon na gceisteanna agus na ngearán a fuair an tÚdarás. Tháinig méadú i bhfad níos airde ar leibhéal na gceisteanna i mí na Nollag, mí inar logáladh beagnach 600 glao. Seo a leanas na topaicí is minice a tógadh leis an Údarás:

- iarratais ar chomparáidí idir táirgí árachais sláinte;
- ceisteanna ginearálta maidir le táirgí árachais sláinte agus tréimhsí feithimh;
- cearta maidir le hárachóirí a mhalartú;
- an costas a bhaineann le hárachas sláinte príobháideach;
- caighdeáin seirbhíse na n-árachóirí; agus
- iarratais ar fhoilseacháin faisnéise an Údaráis.

I rith 2010, d'éirigh leis an Údarás idirghabháil a dhéanamh ar son na dtomhaltóirí maidir le ceisteanna a ardaíodh ar árachas sláinte. Leagtar amach dhá shampla de na cásanna a dtug an tÚdarás aghaidh orthu thíos.

Cás-Staidéar 1

Chuaigh custaiméir i dteagmháil leis an Údarás agus bhí gearán aici faoi conas a riaradh a polasaí árachais sláinte. D'íoc sí as a préimh árachais sláinte trína hionad oibre. I rith 2010 d'fhág sí a post. Sular fhág sí a post, thug sí faisnéis don árachóir go rachadh sí i dteagmháil leis tar éis a post a fhágáil chun íoc go díreach as an gcuid eile den phréimh. Nuair a chuaigh sí i dteagmháil leis an árachóir tugadh faisnéis di gur cuireadh a polasaí ar ceal ón dáta a d'fhág sí a post agus gur cuireadh tús le Conradh nua. Dúradh léi go ngearrfaí préimh níos airde uirthi don chonradh nua.

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an árachóir agus cheistigh sé conas a d'fhéadfadh an t-árachóir deireadh a chur le Conradh an chustaiméara toisc gur athraíodh an modh íocaíochta ó íocaíocht tríd an fostóir go híocaíocht dhíreach. D'admhaigh an t-árachóir gur cuireadh míbhuntáiste ar an gcustaiméir agus gurbh iad a nósanna imeachta riaracháin inmheánacha ba chúis leis. Fuair sí cúiteamh iomlán.

Cás-Staidéar 2

Chuaigh roinnt ban i dteagmháil leis an Údarás maidir lena n-éilimh máithreachais le hárachóir. I ngach cás, d'aistrigh na mná go hárachóir nua i rith a dtoircheas. I ngach cás, d'íoc an dara árachóir as na costais a bhain leis an mbreith. Dhiúltaigh an chéad árachóir na héilimh ar chúram réamhbhreithe a chumhdach toisc go raibh an bhean cumhdaithe ag árachóir eile nuair a saolaíodh leanbh di.

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an gcéad árachóir agus cheistigh sé conas a d'fhéadfadh an t-árachóir éileamh a dhiúltú a raibh an bhean clúdaithe ina leith faoi théarmaí agus coinníollacha phlean an árachóra. D'admhaigh an t-árachóir go mba chóir dó íoc as na héilimh agus go gcuirfeadh sé athoiliúint ar a chuid ball foirne dá réir sin.

3.3.2 Faisnéis Tomhaltóirí

Foráiltear leis an Acht Árachais Sláinte 1994, mar a leasaítear, don Údarás cibé beart is cuí leis a dhéanamh le cur le feasacht an phobail maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh. Cuireann an tÚdarás faisnéis tomhaltóirí ar fáil ar bhealaí difriúla, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Tá ráitis ar fhaisnéis tomhaltóirí ón Údarás san áireamh i bhfógraí athnuachana a eisíonn árachóirí;
- Áirítear ar láithreán gréasáin an Údaráis mionfhaisnéis tomhaltóirí, lena n-áirítear áis táirge comparáide a chlúdaíonn táirgí atá le fáil sa mhargadh agus ailt nuachta rialta;
- Cuirtear fógraí agus fógraí sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla;
- Dáiltear leabhráin ar fhaisnéis tomhaltóirí in os cionn 1,200 ionad, clinicí dochtúirí, ospidéal agus ionaid faisnéise do shaoránaigh san áireamh;
- Foilsíonn an tÚdarás nuachtlitir go rialta; agus
- Eisíonn an tÚdarás comparáidí ar tháirgí agus faisnéis tomhaltóirí eile sa phost ar iarratas.

Láithreán Gréasáin

Tá láithreán gréasáin ag an Údarás, a sholáthraíonn faisnéis do thomhaltóirí de réir na bhfeidhmeanna faisnéise tomhaltóirí a dáileadh ar an Údarás san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Áirítear ar an láithreán gréasáin uirlis táirge comparáide, a thugann deis do thomhaltóirí na pleananna is iomchuí a roghnú dá gcúinsí, agus sochair agus praghsanna pleananna a chur i gcomparáid taobh le taobh. Cuireann an uirlis nua comparáide sin sonraí gach plean ar an margadh ar fáil do thomhaltóirí agus is í an t-aon acmhainn a sholáthraíonn an fhaisnéis sin.

Tháinig méadú ollmhór ar líon na gcuariteoirí ar an láithreán gréasáin i rith 2010 agus, sa chéad thrí mhí de 2011, fuair an láithreán gréasáin 100,000 amas ar an meán in aghaidh na míosa.

Ainmníodh láithreán gréasáin an Údaráis do dhá mhórdhuais i 2010:

- “The Golden Spider Awards”, príomhdhuaiseanna teicneolaíochta agus meán digiteach na hÉireann; agus
- Duaiseanna r-sheirbhísí an Rialtais, a aithnítear mar thagarmharc na sármhaitheasa i r-sheirbhísí agus i gcaighdeáin r-sheirbhísí an Rialtais in Éirinn.

4. Gnóthaí Corparáideacha

4.1 Straitéis

Bunaíodh an tÚdarás mar rialtóir neamhspleách don mhargadh árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn. Chun a ról seo a chomhlíonadh, d'fhorbair an tÚdarás a phlean oibre chun fíis, misean agus luachanna a chur san áireamh.

Fís an Údaráis

Is í fíis an Údaráis ná “a phríomhchuspóir a bhaint amach agus obair a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail trí thacaíocht a sholáthar don phobalráit, don rollú oscailte agus don chumhdach ar feadh an tsaoil i margadh árachais sláinte iomaíoch”.

Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte agus comhairle a thabhairt don Aire (ar iarratas ón Aire nó as a stuaim féin) ar ábhair a bhaineann le hárachas sláinte;
- Monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na nAchtanna Árachais Sláinte agus, más cuí, fógraí forfheidhmithe a eisiúint chun comhlíonadh na nAchtanna a fhorfheidhmiú;
- Tabhairt faoi fheidhmeanna ar leith maidir le dleacht stampála árachais sláinte agus le creidmheasanna cánach aoisbhunaithe agus maidir le haon scéim um chothromú riosca a d'fhéadfadh teacht isteach;
- Cibé beart is cuí leis a dhéanamh le cur le feacht an phobail maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- Cothabháil a dhéanamh ar “Clár na nGnóthas Sochar Sláinte” agus ar “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte”.

Luachanna an Údaráis

Ghlac an tÚdarás le luachanna le cur i bhfeidhm ina ghníomhíochtaí. Seo a leanas luachanna an Údaráis:

- A neamhspleáchas a choinneáil;
- Gníomhú le neamhchlaontacht agus le hionracas i gcónaí;
- Oibriú ar bhealach gairmiúil agus éifeachtach;
- A dhúshláin uathúla a chomhlíonadh trína bheith soghabhálach ar smaointe nua agus ar mholtaí ó gach foinse agus trína bheith nuálach ina chur chuige;
- Trédhearcacht a choinneáil ina chuid oibre go léir; agus
- Meas ar a dhaoine.

4.2 Rialú Corparáideach

Cód Cleachtais ar Rialú Corparáideach

Tá an Cód Cleachtais ar Rialú an Údaráis Árachas Sláinte bunaithe ar an “Cód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit” nuashonraithe a d’eisigh an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009.

Eitic in Oifig Phoiblí

Áirítear an tÚdarás in Ionstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon Comhaltaí an Údaráis agus na baill foirne ábhartha a n-oibleagáidí faoin reachtaíocht sin.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh na Cuntais Bhliantúla do 2010 agus cuireadh faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (an AR&CC”) iad le haghaidh iniúchta. Rinne an oifig seo iniúchadh ar na Cuntais sin agus cheadaigh sí iad, agus tá siad leagtha amach in alt 5 den Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais seo. Cloíonn an tÚdarás le doiciméadú rialaithe chorparáidigh a d’eisigh an AR&CC i 2003, lena leagtar amach treoirínte agus caighdeáin maidir le cuntais a chur isteach le haghaidh iniúchta.

Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an tÚdarás reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla agus bíonn sé i dteagmháil leis An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir leis seo.

Saoráil Faisnéise

Tháinig an tÚdarás Árachas Sláinte faoi réimse an Achta um Shaoráil Faisnéise nuair a ritheadh Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) 2006, le héifeachtach ón 31 Bealtaine 2006.

Chomh maith le hiarratais a dhéantar faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise a phróiseáil de réir mar a thagann siad isteach, d’fhoilsigh an tÚdarás dhá leabhrán “Treoir ar Fheidhmeanna agus ar Thairfid i seilbh an Údaráis” agus “Treoir ar Rialacha, Nósanna Imeachta agus Cleachtais an Údaráis”, lena dtreoraítear an t-iarratasóir tríd an bpróiseas Saorála Faisnéise. Cuirtear na leabhráin le chéile de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus foilsítear iad ar láithreán gréasáin an Údaráis.

4.3 Caidreamh le Geallsealbhóirí

I rith 2010 rinne an tÚdarás iarracht caidrimh ghairmiúla iomchuí a choinneáil le geallsealbhóirí sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn agus bhí sé soghabhálach ar mholtaí agus ar smaointe ó gach foinse. Chun é sin a dhéanamh, bhuail an tÚdarás le geallsealbhóirí go rialta chun ábhair laistigh de réimse freagrachtaí an Údaráis a phlé, agus, a mhéid is féidir, choinnigh sé an trédhearcacht ina chuid oibre. Áiríodh tomhaltóirí, árachóirí, comhlachtaí gairmiúla agus rialtóirí eile ar na geallsealbhóirí sin.

Straitéis Cumarsáide

Tá beartas oscailteachta, comhairliúcháin agus díospóireachta i bhfeidhm ag an Údarás le páirtithe leasmhara ábhartha. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí, geallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara eile a bhfuil suim acu i seirbhís rialála a chur ar fáil agus ina fheidhmeanna a chomhlíonadh.

4.4 Acmhainní

An Fhoireann

Tá cead ag an Údarás foireann de naonúr a bheith aige.

Maoiniú

Maoinítear oibríochtaí an Údaráis trí thobhach a ghearrtar ar Ghnóthais Chláraithe de réir Alt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994. Is iad na Rialacháin Tobhaigh a thug an tAire isteach i 2001 a leagann síos an méid atá le híoc de réir 0.14% d'ioncam préimhe na ngnóthas cláraithe, a bheidh iníoctha ar bhonn ráithiúil. Chomh maith leis sin, cuirtear de cheangal ar ghnóthais chláraithe sonraí a chur isteach faoin méid daoine árachaithe agus faoin ioncam préimhe. Tugtar achoimre ar na staitisticí sin in *Aguisín A*. Tá Clár na nGnóthas Sochar Sláinte amhail an 31 Nollaig 2010 leagtha amach in *Aguisín C*.

Rinneadh leasú i 2010 ar na Rialacháin Tobhaigh a thug an tAire isteach le Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17)(Leasú), a laghdaigh an tobhach atá iníoctha leis an Údarás go dtí 0.12% den ioncam préimhe. Tháinig an ráta nua in éifeacht an 1 Eanáir 2011.

5. Tuarascáil agus Cuntais

Tuarascáil agus Cuntais don bhliain 1 Eanáir 2010 go dtí 31 Nollaig 2010

Don Aire Sláinte

De réir théarmaí Alt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, cuireann An tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus Cuntais i láthair don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2010.

Clár Ábhair

Faisnéis faoin Údarás	23
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	24
Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach	26
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis	28
Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta	29
Ráitis Airgeadais	31

Faisnéis faoin Údarás

Comhaltaí an Údaráis

Jim Joyce (An Cathaoirleach), *2006 ar aghaidh*
Dónall Curtin, *2006 ar aghaidh*
Mary Doyle, *Feabhra 2001 go dtí Eanáir 2011*
Sheelagh Malin, *Bealtaine 2010 ar aghaidh*
Paul Turpin, *Deireadh Fómhair 2007 ar aghaidh*

Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir

Liam Sloyan

Rúnaí

Eamonn Horgan

Baincéirí

AIB plc.
40/41 Sráid Westmoreland
Baile Átha Cliath 2

Irish Life & Permanent plc
56/59 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Iniúchóirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Oifigí

Teach na Canálach
Bóthar na Canálach
Baile Átha Cliath 6

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais An tÚdarás Árachas Sláinte

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 faoin Acht Árachas Sláinte 1994. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm, agus na nithe sin á n-ullmhú, agus an dlí is infheidhme agus an Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Seoltar m'iniúchadh faoi threoir na ndálaí speisialta a bhaineann le Comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus Caighdeán Eiticíúla an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta á gcomhlíonadh.

Raon an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais, ar fianaise í a thugann cinnteacht réasúnach nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis. Mar chuid den iniúchadh déantar measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cé acu an oireann na beartais chuntasaíochta d'imthosca an Údaráis, ar cuireadh i bhfeidhm go seasta iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir atá sa tuarascáil bhliantúil chun aithne a chur ar neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breathnaím na himpleachtaí atá ann don tuarascáil agam má thagaim ar an eolas faoi mhíríteas soiléir nó neamhréireacht shoiléir ábhartha ar bith.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2010 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe a dTugaim Tuairisc Orthu ar Mhodh Eisceachta

Tugaim tuairisc ar mhodh eisceachta más rud é:

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a bhí ag teastáil uaim le haghaidh an iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i rith an iniúchta agam go raibh ócáid ábhartha ann nuair nach ndearnadh airgead a úsáid chun na gcríoch a beartaíodh dó nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a raibh siad faoina rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis, don bhliain ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ina leith, i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach gur chloígh an tÚdarás leis an gCód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit, nó
- go n-aimsím nithe ábhartha eile a bhaineann leis an modh inar seoladh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a bhfuil tuairisciú le déanamh orthu ar mhodh eisceachta.



Andrew Harkness

Ar son agus thar ceann An t-Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

23 Meitheamh 2011

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Ráiteas ón gCathaoirleach maidir le measúnú ar rialuithe airgeadais inmheánacha an Údaráis Árachas Sláinte de réir mar a éilítear in alt 10.2 (iii) den “Cód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit” ceadaithe ag an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001

Admhaíonn an Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis gurb é bord an Údaráis atá freagrach as córas um rialú airgeadais inmheánach an Údaráis Árachas Sláinte.

Admhaíonn an Cathaoirleach agus na Comhaltaí chomh maith nach féidir le córas um rialú airgeadais inmheánach mar sin ach ráthaíocht réasúnta a sholáthar agus nach féidir leis ráthaíocht iomlán a sholáthar go mbeidh sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí agus go gcoiscfead nó go n-aimseofar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí in am agus i dtráth.

Leag Comhaltaí an Údaráis na nósanna imeachta lárnacha seo a leanas amach a dearadh le rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a sholáthar laistigh den Údarás:

Mar a fhoráiltear in Alt 26(5) den Acht Árachas Sláinte, 1994, is é an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir (“an PF”) atá freagrach as riarachán agus gnó an Údaráis a rialú, a bhainistiú agus a sheoladh i gcoitinne agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an tÚdarás. D’aontaigh Comhaltaí an Údaráis gurb iad an PF agus an fhoireann atá freagrach as ábhair oibríochtúla. Freagraíonn an PF do na Comhaltaí ag a gcruinnithe a dtionóltar ar bhonn míosúil de ghnáth.

Tugadh faoi phróiseas foirmiúil le riosca gnó a aithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú, lena n-áirítear:

- Nádúr rioscaí agus rioscaí a aithint;
- An dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí;
- Na himpleachtaí airgeadais nó impleachtaí eile;
- Tosca maolaithe;
- Bearta le rioscaí aitheanta a bhainistiú; agus
- Monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus tuairisc a thabhairt air.

Ghlac na Comhaltaí Cód Cleachtais ar Rialú an Údaráis Árachas Sláinte bunaithe ar Chód Cleachtais na Roinne Airgeadais um Rialú Comhlachtaí Stáit a tugadh cothrom le dáta i 2009. Ghlac na Comhaltaí Rialacha maidir le Nós Imeachta agus le Gnó Chruinnithe an Údaráis Árachas Sláinte dá gcruinnithe.

Cuireann an tÚdarás sraith nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm lena leagtar amach treoracha airgeadais, nótaí ar nósanna imeachta agus cleachtais tharmligthe. Athbhreithníonn an Coiste Iniúchta na cuntais bhainistíochta, na ráitis airgeadais bhliantúla, buiséadú agus na nósanna imeachta airgeadais go ginearálta. Tháinig an Coiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hábhair airgeadais a bhain leis an mbliain 2010. Fostaíodh comhairleoirí, lena n-áirítear cuntasóirí agus comhairleoirí iniúchta inmheánaigh, i réimsí lárnacha nuair a mheastar gur iomchuí iad na seirbhísí sin.

Tá córas bogearraí ríomhairí i bhfeidhm ag an Údarás ina bhfuil pacáiste cuntasáíochta agus pacáiste párolla chun rialuithe airgeadais inmheánacha an Údaráis a éascú.

Mar gheall ar mhéid na heagraíochta agus an líon foirne atá fostaithe, d'fhostaigh an tÚdarás comhlacht cuntasáíochta seachtrach chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu ar son an Údaráis agus chun meicníocht tuairiscithe airgeadais mhíosúil a dhéanamh ar bhainistiú na gcuntas i gcoitinne, buiséid san áireamh.

Deimhnímid gur cuireadh athbhreithniú i gcrích ar éifeachtúlacht chóras na rialuithe airgeadais inmheánacha i leith na bliana 2010.

Sínithe thar ceann Chomhaltaí an Údaráis



Jim Joyce

An Cathaoirleach, An tÚdarás Árachas Sláinte

20 Meitheamh 2011

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Éilítear le hAlt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, go n-ullmhóidh Comhaltaí an Údaráis ráitis airgeadais i bhfoirm a cheadóidh an tAire Sláinte agus Leanaí tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Éilítear ar an Údarás agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- Cibé acu ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme nó nár cloíodh a lua, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura meastar iomchuí é glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá freagracht ar an Údarás leabhair chuntas chuí a choinneáil, lena nochtar ar bhealach fíor agus cóir ag am ar bith seasamh airgeadais an Údaráis agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32(2) den Acht. Tá freagracht ar an Údarás chomh maith sócmhainní an Údaráis a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.



J. Joyce
An Cathaoirleach



P. Turpin
Comhalta

20 Meitheamh 2011

Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais seo:

Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus comhlíontar leo caighdeáin tuairiscithe airgeadais an Bhoird um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Tobhach Ioncaim

Léirítear leis an tobhach ioncaim an tsuim a bhailigh an tÚdarás i leith na tréimhse. Cuirtear san áireamh íocaíochtaí a rinneadh leis an Údarás de réir na nAchtanna Árachais Sláinte, 1994-2007 agus déantar réasúnacht an fhigiúir sin a sheiceáil in aghaidh an ioncaim thobhaigh mheasta bunaithe ar phróifíl na scéimeanna árachais sláinte phríobháidigh ag an Údarás.

Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe de réir mar a thabhaítear é.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas lúide dímheas carnach. Áirítear an dímheas, a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta, faoi mhodh dronlíneach, ar ráta bliantúil 33 1/3% do threalamh ríomhaireachta agus ar ráta bliantúil 20% do gach sócmhainn eile ón dáta a fhaightear í.

Airgeadraí Eachtrannacha

Malartaítear idirbhearta in airgeadraí eachtrannacha go euro le linn na bliana agus áirítear iad sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Malartaítear sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais in airgeadraí eachtrannacha go euro ar na rátaí malairte ag dáta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóthachain agus cailteanais a bhíonn ann sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Aoisliúntas

De réir Alt 28 den Acht Árachais Sláinte, 1994, féadfaidh an tÚdarás, le cead an Aire Sláinte agus Leanaí agus an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis. Tá scéim mar sin á tabhairt chun críche ag an Údarás i gcomhar leis an dá Roinn agus tá na hasbhaintí riachtanacha á mbaint ó thuarastail agus á gcoinneáil ag an Údarás, ach ní aithnítear mar ioncam iad. Chomh maith leis sin, ta foráil á déanamh ag an Údarás do ranníocaíochtaí fostóra maidir leis an Scéim. Chun críocha Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, measann an tÚdarás gurb ionann an scéim agus scéim ranníocaíochta sainithe, óna dhearcadh féin, agus thug sé cuntas uirthi sin dá réir.

Cúlchiste Ginearálta

De réir mar a fhorbraítear ról an Údaráis mar rialtóir agus mar chomhairleoir Mhargadh Árachais Sláinte na hÉireann, is amhlaidh is mó an dóchúlacht go mbeidh costais bhreise ann de bharr cúinsí eisceachtúla. Meastar go n-íocfaidh an Cúlchiste Ginearálta as aon dliteanas a thagann chun cinn sa chás sin.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2010

	<i>Nótaí</i>	12 mhí dar críoch 31 Nollaig, 2010 €	12 mhí dar críoch 31 Nollaig, 2009 €
Ioncam	1	2,698,861	2,615,683
Costais Riaracháin	2	(1,216,190)	(1,534,952)
Barrachas ioncaim thar chaiteachas		1,482,671	1,080,731
Ús Infhaighte		69,693	64,214
Barrachas don tréimhse		1,552,364	1,144,945
Barrachas Carnach ag tús na tréimhse		2,795,924	1,700,979
Aistriú go Cúlchiste Ginearálta	9	(50,000)	(50,000)
Barrachas Carnach ag deireadh na tréimhse		4,298,288	2,795,924

Níl gnóthachain ná cailteanais le haithint, seachas na cinn lena ndéileáiltear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.



J. Joyce
An Cathaoirleach

20 Meitheamh 2011



P. Turpin
Comhalta

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 12.

Clár Comhardaithe

an 31 Nollaig, 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	5	36,435	41,328
Sócmhainní reatha			
Banc agus Airgead Tirim		5,884,193	4,331,052
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	6	826,895	813,128
		6,711,088	5,144,180
Creidiúnaithe (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	7	(1,091,340)	(1,081,689)
Glansócmhainní reatha		5,619,748	4,062,491
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha		5,656,183	4,103,819
Glansócmhainní		5,656,183	4,103,819
Lena léirítear			
Barrachas ioncaim carnach thar chaiteachas	9	4,298,288	2,795,924
Cúlchiste Ginearálta		1,357,895	1,307,895
		5,656,183	4,103,819



J. Joyce
An Cathaoirleach

20 Meitheamh 2011



P. Turpin
Comhalta

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas faoi na Beartais Chuntasáíochta agus nótaí 1 go dtí 12.

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Ioncam

Foráiltear le hAlt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994 d'íocaíocht tobhaigh ioncaim ó ghnóthais chláraithe leis an Údarás gach ráithe, chun oibríochtaí an Údaráis a mhaoiniú agus chun foráil leordhóthanach a dhéanamh le haghaidh teagmhas. Leagtar amach le Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17), 2001 an ráta iarbhir don tobhach ioncaim ag 0.14% den mhéid inmheasúnaithe a íocadh le gach gnóthas tráchtála agus srianta in Éirinn. Laghdaíodh an ráta ina dhiaidh sin go 0.12% faoi Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte 1994 (Alt 17)(Leasú) 2010.

	2010 €	2009 €
Tobhach Ioncaim	2,698,861	2,615,538
Saoráil Faisnéise	–	145
	2,698,861	2,615,683

2. Costais Riaracháin

	2010 €	2009 €
Tuarastail agus costais foirne (Nóta 3)	644,685	670,582
Oiliúint	16,854	9,490
Táillí Stiúrthóirí (Nóta 3)	30,940	34,904
Cíos, Táillí Seirbhísí agus Cothabháil	154,506	158,159
Sainchomhairliúchán (Nóta 4)	24,443	354,265
Árachas	38,866	41,040
Costais Ríomhaireachta agus Stáiseanóireachta	23,574	23,148
Costais Riaracháin Eile	26,373	34,847
Faisnéis Tomhaltóirí	224,563	187,909
Iníúchadh	12,220	12,220
Dímheas	19,166	8,388
	1,216,190	1,534,952

Tá oifigí tógtha ar cíos ag an Údarás Árachas Sláinte ag Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6, ar chostas €129,389 in aghaidh na bliana. Rachaidh an cíoschomhaontú sin in éag an 12 Bealtaine 2012.

3. Táillí Stiúirthóirí agus Luach Saothair an POF

Is iad seo a leanas na táillí a íocadh le comhaltaí boird aonair i 2010: Jim Joyce (Cathaoirleach), €9,017 (2009: €10,500) Dónall Curtin €6,003 (2009: €7,000), Mary Doyle €6,003 (2009: €7,000), Sheelagh Malin €3,913 (ceaptha i mBealtaine 2010), Paul Turpin €6,003 (2009: €7,000). D'éirigh Aidan O' Donnell as a phost i mí an Mheithimh 2009, (€3,404). Níor íocadh costais le comhaltaí an bhoird.

Ba é €103,552 tuarastal bliantúil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don bhliain 2010. Tá teidlíochtaí pinsin an POF de réir teidlíochtaí caighdeánacha sa tsamhail scéime aoisliúntais le sochar sainithe san earnáil phoiblí.

4. Costais Sainchomhairliúcháin

	2010 €	2009 €
Cuntasaíocht	34,515	55,176
Seirbhísí Achtúireacha	134,428	96,199
Seirbhísí Dlí	15,597	129,937
Aisíocaíocht costas dlíthiúil	(350,000)	–
Caidreamh Poiblí	44,733	43,897
Taighde	32,709	27,824
Aoisliúntas	832	763
Seirbhísí Aistriúcháin	1,127	469
Bainistíocht agus forbairt	1,602	–
Sainchomhairliúchán eacnamaíoch	108,900	–
	24,443	354,265

I mí Mheán Fómhair 2010, fuair an tÚdarás Árachas Sláinte aisíocaíocht €350,000 i leith costas dlíthiúil, costais a tabhaíodh le linn na mblianta roimhe sin maidir le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt. D'éascair an aisíocaíocht ó pholasaí árachais a bhí ag an Údarás.

5. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Ríomhaireachta €	Feisteas, Troscán agus Trealamh Oifige €	Forbairt ar Láithreán Gréasáin €	Iomlán €
Costas				
An 31 Nollaig 2009	87,950	333,500	23,185	444,635
Íocaíochtaí breise le linn na tréimhse	1,084	–	13,189	14,273
Diúscairtí le linn na tréimhse	0	0	0	0
An 31 Nollaig 2010	89,034	333,500	36,374	458,908
Dímheas				
An 31 Nollaig 2009	71,026	331,091	1,190	403,307
Táille don tréimhse	8,257	685	10,224	19,166
Dímheas ar dhiúscairtí	0	0	0	0
An 31 Nollaig 2010	79,283	331,776	11,414	422,473
Glanluach Leabhar				
An 31 Nollaig 2010	9,751	1,724	24,960	36,435
An 31 Nollaig 2009	16,924	2,409	21,995	41,328

6. Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile

	2010 €	2009 €
Ioncam fabhraithe	684,517	711,182
Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile	141,868	101,437
Cártaí Taistil	510	509
	826,895	813,128

7. Creidiúnaithe (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)

	2010 €	2009 €
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	177,199	319,485
Foráil pinsean (Nóta 8)	868,848	723,507
Tobhach pinsin	2,542	2,540
ÍMAT/ÁSPC	13,108	14,335
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	11,786	12,001
Cáin Bhreislucha	17,857	9,821
	1,091,340	1,081,689

8. Foráil Pinsean

Tá scéim pinsin le sochar sainithe tugtha chun críche ag an Údarás dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí agus táthar ag fanacht ar cheadú ón Aire Sláinte agus ón Aire Airgeadais. Tá ranníocaíochtaí, ranníocaíochtaí fostóra san áireamh, ar ráta 25% ó Lúil 2006, (16.66% roimhe seo) den phá inpinsin agus gearrtar ar Chuntas loncaim agus Caiteachais iad. Tá na ranníocaíochtaí carntha coinnithe do chuntas an Aire Sláinte agus d'aontaigh an tAire aisíocaíocht a thabhairt don Údarás maidir le sochair íoctha a eascraíonn as an scéim. Áirítear na ranníocaíochtaí seo a leanas sa cheannteideal, “Tuarastail agus Costais Foirne (lena n-áirítear oiliúint)” **(Nóta 2)**:

	2010 €	2009 €
Ag tús na tréimhse	723,507	572,384
Ranníocaíochtaí Fostaí	25,332	26,429
Ranníocaíochtaí Fostóra	120,009	124,694
Iomlán	868,848	723,507

Ina theannta sin, baineadh €32,498 ón bhfoireann trí thobhach pinsin agus íocadh leis an Roinn Sláinte agus Leanáí é.

9. Barrachas Carnach ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2010 €	2009 €
Ag tús na tréimhse	2,795,924	1,700,979
Barrachas don tréimhse	1,552,364	1,144,945
	4,348,288	2,845,924
Aistriú go Cúlchiste Ginearálta	(50,000)	(50,000)
Barrachas coimeádta	4,298,288	2,795,924

10. Gealltanais Chaipitil

Ní raibh gealltanais do chaiteachas caipitiúil an 31 Nollaig 2010.

11. Nochtadh Leasanna

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh idirbhearta ar bith ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh leas ag comhaltaí an bhoird.

12. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh Comhaltaí an Údaráis na Ráitis Airgeadais an 20 Meitheamh 2011.

6. Aguisíní

Aguisín A

Staitisticí a Bhaineann leis an Margadh Árachais Sláinte Phríobháidigh in Éirinn, 2010

Tábla 1: Daoine Árachaithe⁽¹⁾⁽²⁾

An Bhliain dar Críoch	Líon Iomlán na nDaoine Árachaithe (000í)	Cumhdach Árachais Sláinte Phríobháidigh mar % den Daonra
Nollaig 2001	1,871	48.2%
Nollaig 2002	1,941	49.2%
Nollaig 2003	1,999	49.8%
Nollaig 2004	2,054	50.4%
Nollaig 2005	2,115	50.6%
Nollaig 2006	2,174	50.9%
Nollaig 2007	2,245	51.2%
Nollaig 2008	2,297	51.7%
Nollaig 2009	2,260	50.6%
Nollaig 2010	2,228	49.8%

Tábla 2: Ioncam Préimhe

Bliain	Ioncam Iomlán (€m)
2002	821.9
2003	978.2
2004	1,061.1
2005	1,152.7
2006	1,236.2
2007	1,477.8
2008	1,652.2
2009	1,846.7
2010	1,949.1

(1) Baineann gach uile fhiúir le margadh árachais sláinte phríobháidigh iomlán, .i. rollú oscailte agus gnóthais shrianta.

(2) Tá figiúirí daonra bunaithe ar mheastacháin daonra na Príomh-Oifige Staidrimh.

Sciartha den Mhargadh

Léiríonn an tábla seo a leanas conas a tháinig athrú ar sciartha den mhargadh ó bunaíodh an tÚdarás.

Nollaig	Vhi Healthcare %	Quinn Healthcare* %	Hibernian AVIVA Health** %	Gnóthais Ballraíochta Srianata*** %
2001	82.2	12.6	–	5.2
2002	80.5	14.6	–	4.9
2003	77.8	17.4	–	4.8
2004	75.8	19.5	–	4.7
2005	73.9	21.0	1.0	4.1
2006	71.7	21.4	2.9	4.0
2007	69.5	21.2	5.4	3.9
2008	66.8	21.6	7.7	3.9
2009	62.9	22.8	10.4	3.9
2010	61.6	20.8	13.7	3.9

* Maidir le 2006 agus leis na blianta roimhe sin, baineann na sonraí le BUPA Ireland.

** Maidir le 2007 agus leis na blianta roimhe sin, baineann na sonraí le VIVAS Health.

*** Go príomha, tá siad seo comhdhéanta de Scéimeanna an Gharda Síochána, BSL agus na nOifigeach Príosúin.


Léiríonn an tábla seo a leanas conas a athraíonn sciartha den mhargadh le haois amhail Nollaig 2010. Tagraíonn an tábla thíos d'árachóirí ballraíochta oscailte amháin agus eisítear na gnóthais ballraíochta srianata.

Aoisghrúpa	Vhi Healthcare %	Quinn Healthcare %	Hibernian AVIVA Health %
0-49	59	25	16
50-59	66	20	14
60-69	74	17	9
70-79	86	9	4
80 agus níos sine	93	4	2

Aguisín B

Éagsúlacht Éilimh de réir Aoise

Éilimh san Áireamh sna Tuairisceáin in aghaidh an Duine Árachaithe i 2010



Is í foinse na sonraí sa chart thuas tuairisceáin faisnéise a chuir árachóirí isteach chuig an Údarás. Eisíonn na tuairisceáin sin 20% d'éilimh.

Aguisín C

Clár na nGnóthas Sochar Sláinte amhail an 31 Nollaig 2010

Gnóthais Ballraíochta Oscailte

1. Aviva Health Insurance Teoranta (ag trádáil mar Aviva Health);
2. H.S.F. Health Plan Teoranta (ag trádáil mar Chiste Ospidéil an tSathairn);
3. Quinn Insurance Teoranta (ag trádáil mar Quinn Healthcare); agus
4. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh (ag trádáil mar VHI Healthcare).

Gnóthais Ballraíochta Srianata

1. E.S.B. Staff Medical Provident Fund;
2. Irish Life Assurance Plc Outdoor Staff Benevolent Fund;
3. Irish Life Medical Aid Society;
4. New Ireland/Irish National Staff Benevolent Fund;
5. Prison Officers' Medical Aid Society;
6. St. Paul's Garda Medical Aid Society; agus
7. The Goulding Voluntary Medical Scheme.

Aguisín D

Freastal ar Chruinnithe an Údaráis, 2010

Comhalta an Údaráis	Freastal ar Chruinnithe*
An tUasal Jim Joyce, <i>Cathaoirleach</i>	12
An tUasal Dónall Curtin	8
An Iníon Mary Doyle	11
An Iníon Sheelagh Malin**	8
An tUasal Paul Turpin	12

* Reáchtáladh dhá chruinniú dhéag de chuid an Údaráis ar fad i 2010.

** Ceapadh an Iníon Malin chun an Údaráis an 6 Bealtaine 2010.